An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Teanga na Bunscoile | Curaclam Corpoideachais |
|---|---|
| **Snáithe:** Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:<br><br>TF6 -Léiriú tuisceana: tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt/ tuiscint a léiriú trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint.<br>TF4- Struchtúr abairte agus gramadach: úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte. | **Snáithe:**<br>Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>**Snáithaonad**: Treodóireacht **Cuspóirí Curaclaim**: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste: rialaitheoirí a aimsiú i gclós na scoile, ag baint feidhme as léarscáil nó plean agus tabhairt faoi threodóireacht scórála. |

**Tagairtí**

- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (lch 57-59)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (lch 91) Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physli
- An Gúm, https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2021/07/07-Airde-an-Chomp-FT-R4.pdf
- Spreag an Ghaeilge le Spraoi, https://padlet.com/maire8/an-teanga-bh-al-p4zy887txdiezppq/wish/PR3NWxvV3qJpQb0O

## Measúnú agus aiseolas le linn an cheachta

- Tascanna MSF le linn an cheachta (féach an plean ceachta)
- Breathnóireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na páistí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na páistí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na npáistí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na páistí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

**Féinmheasúnú an Mhúinteora:**
D'fhéadfá nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta anseo.

**Trealamh**: Teilifís Chliste, PowerPoint 3, Húlahúp.Fonsa, Cóin, Staduaireadóir agus Feadóg.
**Le Priontáil**: Cártaí lannaithe (ar chlé, ar dheis, suas, síos), Léarscáil, Póstaeir 'Cé Mé', Bileog Oibre 2, Cártaí lannaithe don tóraíocht mheaitseála

**Ullmhúchán roimh ré**: Tá léarscáil scoile le dearadh, ná cuir na siombailí léarscáile ar an léarscáil fág glan iad go dtig leis na páistí iad a líonadh le linn na tóraíochta. Cuir X'anna ar áiteanna áirithe ar an léarscáil scoile, féach na moltaí seo a leanas ach is féidir leat áiteanna eile a mharcáil ag brath ar chomhthéacs na scoile: an oifig, an cosán, an bhialann.seomra lóin, an carrchlós, foirgneamh na scoile, an clós. Croch na ceisteanna 'Cé Mé' in airde (sleamhnán 28-33) sna háiteanna seo in áit fheiceálach agus éasca do na páistí teacht orthu.

## Teanga na bpáistí

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta

| | | | |
|---|---|---|---|
| Is léarscáil í<br>Ar chlé, ar dheis, suas agus síos<br>Téigh ar chlé - Téigh ar dheis<br>Bog do chos ar dheis<br>Bog do lámh ar chlé<br>Bog suas/ Bog síos<br>Clós, carrchlós, an oifig, an cosán, an bhialann, an foirgneamh scoile | Díreach, mór, te, beag, bán, dearg, mín, glas, donn, geal, tirim, cearnógach, ciorclach, álainn<br><br>Leitís, spionáiste, arbhar, cairéad, cóilis, práta, brocailí, ubhthoradh, cúcamar, oinniún, soilire, biatas, piobar, gairleog, piseanna, puimcín | Chomh bán le bainne<br>Chomh dearg le fuil<br>Chomh milis le mil<br>Chomh binn le cláirseach<br>Chomh glic le sionnach<br><br>Chomh dána le muc<br>Chomh glas le féar<br>Chomh hard le falla/balla | Chomh dubh le gual<br>Chomh ramhar le rón<br>Chomh beag le dreoilín<br>Chomh ciúin le luch<br><br>Taobh le chéile deas,<br>Taobh le chéile clé,<br>Taobh le chéile deas is clé<br>Taobh le chéile, chéile |

| **Gníomhaíochtaí/Tascanna**<br>*Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.* | **Teanga an Mhúinteora** |
|---|---|
| • **Intreoir**<br>Cuir na critéir ratha agus an TAFF i láthair na bpáistí.<br>• **Tasc 1: Dul Siar**<br>Mínigh do na páistí go mbeidh dul siar á dhéanamh agaibh ar na téarmaí treodóireachta a d'fhoghlaim siad sna ranganna eile.<br>Sleamhnán 4-5 - Taispeáin an íomhá do na páistí agus iarr orthu an íomhá a ainmniú. Tá dhá rogha ar an sleamhnán seo: '*Tá sé leárscáil*' nó '*Is léarscáil í*', cuir ceist orthu cé acu ceann atá cruinn. Mínigh gur *'Is léarscáil í'* atá ann. Cuir ceist orthu an féidir leo abairtí eile a thosaíonn le 'Is' a thabhairt duit/a chumadh.<br>• **Tasc 2: Treoracha**<br>Sleamhnán 6-7 - Cuir na cártaí seo i gcló agus tabhair iad do na páistí (beidh 4 chárta san iomlán ag gach páiste). Mínigh go dtaispeánfaidh tú pictiúir dóibh agus caithfidh siad an cárta a mheaitseálann leis an bpictiúir a chur in airde.<br>Taispeáin sleamhnán 8-15 dóibh agus iarr orthu na cártaí cearta a chur in airde.<br>Sleamhnán 16 - Múin 'Lámh chlé' agus 'Lámh dheas' do na páistí. Chun tuiscint a sheiceáil, glaoigh 'Lámh chlé agus Lámh dheas' amach agus iarr ar na páistí an lámh cheart a ardú.<br>• **Tasc Breise**<br>Thiocfadh leat dul siar a dhéanamh ar na treonna ó cheacht a haon, ach tá seo roghnach mar níl an téarmaíocht seo ag teastáil don cheacht áirithe seo.<br>• **Tasc 3: An Dúshlán Aibítre**<br>Iarr ar na páistí scuaine a dhéanamh sa seomra ranga sula dtéann sibh amach chuig an gclós. Ach iarr orthu an scuaine a dhéanamh in ord de réir aibítre: Aodhán, Barra, Caoimhe srl. Iarr orthu úsáid a bhaint as na treoracha a d'fhoghlaim muid ag tús an ranga: bog ar chlé, ar deis, suas, síos, chun tosaigh, ar gcúl. | • Inniu a pháistí táimid ag foghlaim faoin treodóireacht.<br>• Féachaigí ar na critéir ratha.<br>• Beidh sibh in ann rialaitheoirí a aimsiú ag baint úsáid as léarscáil nó plean.<br>• Beidh sibh in ann cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe i ngrúpaí laistigh de theorainn ama.<br>• Cad í seo? Cad a dúirt mé? Abraigí seo i mo dhiaidh.<br>• An bhfuil seo cruinn? Cé acu atá ceart? Cé acu ceann atá ceart?<br>• An féidir libh abairt a thabhairt dom/a chumadh a thosaíonn le 'Is'? Cathain a úsáideann muid 'Is'?<br>• Bainigí úsáid as na cártaí os bhur gcomhair. Caithfidh sibh an cárta ceart a mheaitseáil leis an bpictiúir ar an scáileán.<br>• Taispeánaigí dom na cártaí. Cuirigí iad in airde.<br>• Taispeánaigí bhur lámha clé agus bhur lámha deas<br>• Anois a chairde, déanaigí scuaine sula dtéann muid chuig an gclós. Ach an uair seo, seasaigí in ord de réir aibítre. Caithfidh sibh seo a oibriú amach sibh féin, ní féidir liomsa tacú libh.<br>• Bainigí úsáid as na treoracha nua a d'fhoghlaim muid le linn an chluiche seo:<br>• Bog ar chlé, ar dheis, suas agus síos. Téigh chun tosaigh, ar gcúl<br>• An dtuigeann sibh? An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?<br>• Ar aghaidh libh. |

| Clós/Halla Spóirt | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| • **Tasc 4: Téamh Suas**<br>Cuir na páistí i ngrúpaí de chúigear. Tabhair húlahúp/fonsa do gach grúpa. Mínigh treoracha an chluiche dóibh ar shleamhnán 19: Beirígí greim ar lámha a chéile. Déanaigí iarracht an húlahúp a bhogadh ón gcéad duine go dtí an duine deireanach gan bhur lámha a scaoileadh. Déan an tasc seo arís le grúpaí difriúla amhail; cailíní amháin, buachailí amháin agus ansin ar deireadh leis an rang iomlán. Mínigh do na páistí go gcaithfidh siad na treoracha a d'fhoghlaim muid ag tús an ranga a úsáid le linn an taisc; Bog do lámh/do chos ar chlé, ar dheis, suas agus síos.<br><br>• **Tasc 5: Tóraíocht Treodóireachta le líon na bearnaí**<br>Tabhair an léarscáil agus Bileog Oibre 2 do na páistí. Cuir na páistí i ngrúpaí. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad an léarscáil a leanúint agus na bearnaí ar an léarscáil a líonadh isteach. Mínigh freisin go mbeidh póstaeir le leideanna crochta in airde sna háiteanna marcáilte X ar an léarscáil.<br><br>Nuair atá seo déanta acu, caithfidh siad siúl timpeall na scoile chun rudaí a aimsiú a mheaitseálann leis na haidiachtaí ar bhileog oibre 2. Tá íomhá ag gach aidiacht chun tacú leo; mura bhfuil siad in ann an rud a ainmniú i nGaeilge, is féidir leo é a scríobh i mBéarla. | • Ar aghaidh linn chuig an gclós. Déanfaidh muid téamh suas ar dtús.<br>• Cad é seo? Seo húlahúp/fonsa, maith sibh!<br>• Téigí i ngrúpaí de chúigear. Beirígí greim ar lámha a chéile. Déanaigí iarracht an húlahúp a bhogadh ón chéad duine go dtí an duine deireanach gan bhur lámha a scaoileadh. Déanaigí seo arís i ngrúpaí difriúla: cailíní amháin an uair seo, buachailí amháin anois, an rang iomlán.<br>• Ná déanaigí dearmad ar na treoracha a d'fhoghlaim muid: *Bog do lámh/do chos ar chlé, ar dheis, suas agus síos.*<br>• Anois a pháistí déanfaidh muid gníomhaíocht treodóireachta. Beidh oraibh dhá bhileog oibre a líonadh freisin. Rás atá ann, beidh amadóir in úsáid agam. Is féidir dul chuig na rialaitheoirí in aon ord gur mian libh.<br>• Téigí i ngrúpaí<br>• Bainigí úsáid as an léarscáil agus téigí chuig na háiteanna timpeall na scoile atá marcáilte 'X' ar an léarscáil.<br>• Aimsígí na póstaeir crochta in airde sna háiteanna seo agus freagraígí na ceisteanna chun na siombailí léarscáile a aimsiú. Scríobhaigí na siombailí léarscáile sna bearnaí ar an léarscáil.<br>• Téigí timpeall na scoile arís agus aimsígí rudaí timpeall na scoile a mheaitseálann leis an aidiacht (Bileog oibre 2). Tá íomhá in aice le gach aidiacht le cabhrú libh. Déanaigí iarracht na rudaí seo a scríobh i nGaeilge, ach is féidir iad a scríobh i mBéarla muna bhfuil tú cinnte. |

| Clós/Halla Spóirt | Teanga an Mhúinteora |
| --- | --- |
| • **Tasc 6: Tóraíocht na gCártaí**<br>Tabhair cón (nó spásmharcóir) do gach páiste agus iarr orthu iad a scaipeadh ar fud an limistéir imeartha, agus teacht ar ais chugat. Ansin tabhair cárta meaitseála amháin do gach páiste agus iarr orthu an cárta sin a chur faoi chón (mharcóir) folamh, agus teacht ar ais chugat arís. Iarr orthu an áit ar fhág siad a gcón féin a mharcáil ar an máistirléarscáil ranga. Iarr ar na páistí siúl/bogshodar/scipeáil timpeall an limistéir imeartha. Tosaíonn gach duine ag an am céanna. Nuair a dhéanann tú comhartha (m.sh nuair a shéideann tú feadóg) siúlann gach páiste chuig marcóir/cón agus tógann sé/sí an cárta atá faoin marcóir sin. Caithfidh na páistí bogadh thart anois i measc a gcomhpháistí chun teacht ar an bpáiste a bhfuil an cárta aige/aici a oireann dá gcárta féin. Spreag iad le ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt ar a chéile chun a bpáistí a aimsiú. Tabhair thart ar 10 nóiméad (nó pé fad ama a chinneann tú ag brath ar an ngníomhaíocht) leis an tasc a chur i gcrích. Séid feadóg nó tabhair rabhadh comhartha nuair atá nóiméad amháin fágtha.<br>Má chuireann páistí ceist as Béarla agus na gníomhaíochtaí ar siúl acu tabhair freagra i nGaeilge. Déan an ghníomhaíocht mheaitseála arís chomh minic agus is mian leat, ag baint úsáid as an tacar céanna cártaí nó á n-athrú.<br><br>• **Tasc 7: Téamh Síos**<br>Múin an t-amhrán 'Taobh le Chéile' do na páistí. Tá físeán tacaíochta ar fáil ar shleamhnán 28 chun cabhrú leat. Déan é seo arís agus arís eile: cuir tús leis go mall, ansin déan é níos tapúla de réir a chéile, agus críochnaigh arís go mall mar théamh síos.<br>'Taobh le chéile deas,<br>Taobh le chéile clé,<br>Taobh le chéile deas, is clé,<br>Taobh le chéile, chéile.' | • Déanfaimid gníomhaíochtaí treodóireachta agus tóraíochta anois.<br>• Déanfaimid tóraíocht taisce timpeallachta.<br>• Cuirigí na cóin agus na cártaí in bhur rogha ionad i gclós/i bhfearann na scoile. Beidh oraibh/Déanaigí bhur gcón a chlárú ar an léarscáil ranga. Beidh ar gach duine siúl timpeall agus cárta a roghnú. Oireann/Meaitseálann gach cárta do chárta/le cárta amháin eile. Siúlaigí timpeall agus cuir ceisteanna ar a chéile chun bhur bpáirtí a aimsiú.<br>• Déanaigí bhur gcártaí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh le cinntiú go bhfuil na cártaí ag meaitseáil i gceart.<br>• Ar aghaidh libh.<br>• Ní haon mhaith brostú abhaile gan na freagraí cearta.<br>• Beidh ar gach duine tosú ag an am céanna.<br>• Is féidir tosú nuair a shéidfidh mé an fheadóg.<br>• Séidfidh mé feadóg.<br>• An bhfuil cárta/bileog ag gach aon duine?<br>• An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?<br>• Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.<br>• Ar aghaidh libh, Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal,<br>• Conas atá ag éirí leat/libh?<br>• Siúlaigí go mall - níos moille.<br>• Ar bhain sibh taitneamh as sin?<br>• Cad atá cearr?<br>• Stopaigí ansin!<br>• Tá an t-am istigh.<br>• Brostaígí.<br>• Chomh x le y/ m.sh Chomh bán le sneachta/chomh dubh le gual/ chomh dearg le fuil srl |